



Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Fómhar 2012

1-03-2012

San Eagrán Seo..

Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh! 1

Cártaí Gramadach Le Fáil 2

Tagann Tiobraid Áránn go Melbourne 3

Siopa ar-líne nua oscailte 4

Tabhair ar ais an sícín! 5

Watching TG4 on-line 6

Local news 7

Mo Laethanta Saoire 8

Latest news from ClubLeabhar.com 10

Special liftout - WinterSchool Brochure

Irish Language classes each Tuesday during school terms 7:30 pm in the Celtic Club Melbourne

Beannachtaí na Féile Pádraig oraibh!

Bhí Daonscoil eile rathúil againn i mí Eanáir agus cé go raibh laghdú ar an líon daoine i mbliana, bhain gach duine taitneamh agus tairbhe as.

Buíochas do gach éinne a ghlac páirt ann – an coiste a d’eagraigh an scoil, na múinteoirí “sean” agus nua, na haoichainteoirí agus ar ndóigh na daltaí a tháinig ó Adelaide, Canberra, Sydney, Toowoomba, Bendigo, Warnambool agus Melbourne.

Don chéad uair bhí cuairteoir linn ó na Stáit Aontaithe, Dr. Nicholas Wolf ón Ollscoil Wisconsin-Madison. Tharla go raibh Nick, atá líofa sa Ghaeilge, ag caitheamh tamaill in Ollscoil Mel-



Liam Jacob, Deirdre Gillespie, Dinny McGinley TD for south west Donegal and Pat Carey, former TD

bourne i rith na Nollag agus labhair sé linn faoi dhaoine a raibh tionchar mór acu ar an nGaeilge idir an 18ú agus 20ú aois, cé gur fhoghlaim

siad Gaeilge mar dara teanga.

> ar lean, leathanach 2

Key Dates for March - May 2012

4 March	Irish Language Mass in St John's, Clifton Hill
17 March	St Patrick's Day
20 March	Seachtain na Gaeilge social night (meet upstairs instead of classes)
27 March	Last night of term 1
3 and 10 April	Easter break, no class
17 April	Teacher meeting
24 April	First class of term 2
12 May (Sat)	Fundraiser for Daonscoil 2013, Quiz night to be held at the Celtic Club

Information given here about term dates is for students in Victoria only, and Interstate students should check with their local teacher.

www.gaeilgesanastrail.com

Cártaí Gramadach Le Fáil

Tacar de cheithre chárta fillte amach agus oiriúnach do cheanglán fáinneach (nach bhfuil iniata). Ina iomlán tá 24 leathanach ildaite de eolas faoi ghraiméar Gaeilge, éasca le úsáid, a chuirfidh ar do chumas do Ghaeilge a fheabhsú go gasta. Tá na cártaí seo oiriúnach ó thosach foghlama go dtí leibhéal idirmheánach agus ardleibhéal. Tá achoimre a thugann míniú modhanna nua agus coincheapanna deacair.

A set of 4 fold-out cards and designed to fit into a 4-ring binder (not included). In total, 24 pages of full-colour Irish grammar information in a simple to use set of easily accessible cards. At a glance, you can improve your written and spoken Irish in a matter of minutes.

Order online from www.iorarua.com

Complete set of 4 including GST and Postage within Australia = \$23.15



>> Oíche eile thug an tAthair Micheál cur síos an-eolach dúinn ar Chrosa Arda na hÉireann ag baint úsáid as grianghraif a thóg sé féin agus é ag taisteal timpeall na tíre. Mhúscail agus chothaigh Frances Devlin-Glass ár suim i James Joyce lena léacht anamúil. Fuaireamar amach go bhfuil sé deacair *Ulysses* a léamh!

Chuir Megan Raggett, múinteoir óg, bríomhar Éireannach go mór leis an Daon-scoil agus bhain na daltaí an-sult as a cuid ranganna. Tá a tuairisc féin san Nuachtlitir seo.

Bígí ag smaoineamh ar an Scoil Gheimhridh i Sydney i mí an Mheithimh.

Bhí gliondar orainn a fháil amach le déanaí gur bhronn Glór na nGael an tríú duais (2500 euro) sa Chomórtas Domhanda 2011 ar an gCumann.

Bhí seans agam bheith i láthair ag bronadh na duaiseanna san óstlann, Teach Carton, i Má Nuad ar an 25 Feabhra. Bhí an t-ádh liom bualadh le ionadaí ó Ghaeltacht Ceanada, áit atá lonnaithe in aice le Tamworth agus Erinville sna cnoic droimneacha taobh le hAbhainn na mBaddán, ó thuaidh ó Loch Ontario.

Má bhíonn éinne i gCeanada idir Iúil 6 – 8 beidh seans agaibh cuairt a thabhairt ar Oireachtas na Gaeilge a bheidh ar siúl ann ag an am sin.

Bain sult as na ranganna i rith na bliana, 2012.

Deirdre

Don't forget our AGM
in June

Full details will appear
in our next issue



Tagann Tiobraid Árann go Melbourne

Tipperary girl Megan Raggett unexpectedly found herself teaching Irish at this year's Daonscoil in January, here's how it all happened.....

Tháinig mé go dtí an Astráil le mo dheirfiúr ag deireadh mí Meán Fómhair ach níor shroicheamar Melbourne go dtí mí na Samhna. Thosaíomar ag lorg oibre láithreach agus bhí an t-ádh liom gur fuair mé obair go tapaídh – smacht tráchtála a bhí, agus atá idir lámha agam.

Lá amháin, agus mé ag obair go crua ar an mbóthar, fuair mé teachtaireacht téacs ó mo dheirfiúr ar mo ghuthán póca; eolas faoi phost ag múineadh Gaeilge a bhí ann. Léim mo chroí!

Chuir mé glooch ar an uimhir theileafóin ar an bpointe sin agus bhí comhrá beag agam le Deirdre. D'eagraíomar cruinniú sa chlub Ceilteach agus phléamar cad a bheadh i gceist leis an bpost. Caithfidh mé a rá go raibh saghas faitíos orm roimh dul ag obair ag an Daonscoil, go háirithe mar ní raibh mórán taithí agam a bheith ag múineadh daoine fásta, toisc go bhfuil mé i mo mhúinteoir meánscoile sa bhaile in Éirinn.

Bhuel, chun scéal fada a dhéanamh gearr, ní raibh aon ghá a bheith imníoch. Ón chéad nóiméad a sheas mé sa seomra ar mo chéad lá i Lake Dewar, bhraith mé sa bhaile. Níorbh fhéidir le héinne fáilte níos deise a chur romham, ach, fós bhí mé neirbhíseach faoi mo rang agus na ceachtanna . . gan chúis arís!!

Bhí gach éinne sa rang chomh deas agus suimiúil, agus ag deireadh na seachtaine bhíomar cosúil le clann mhór. Bhí mé ag tnúth leis na ceachtanna gach maidin. Ní raibh mé faoi bhrú in aon chor agus nuair a tháinig an lá deireanach, bhí brón orm gach duine, agus an áit a fhágáil.

Mar chúrsa, tá an Daonscoil den scoth agus mholfainn (agus tá molta agam!) gach Éireanach, pé aois, dul ann má tá an deis acu. Tá an lóistín, an bia, an ceol, na daoine, an áit agus an craic ar fheabhas agus rachfainn ar ais amárach!!

Is féidir an bród atá ag na daoine as ár dteanga Ghaeilge agus ár gcultúr a bhraith go láidir ann. Is é an Daonscoil ceann de na rudaí is fearr a rinne mé san Astráil go dtí seo, agus i mo shaol ar fad freisin. Táim thar a bheith buíoch. Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an chuid ama a chaith mé ann go deo.



Back issues of all our previous newsletters can be found on our website

www.gaeilgesanastrail.com

Our committee is always happy to receive your contributions. Publication dates are at end of Feb, May, Aug and Nov each year. Deadline is two weeks before publication

Members are reminded that this year's subscription is now due. We accept cash or cheques but not credit cards.

A membership form can be found on the back of this newsletter and your membership card for 2012 will be issued shortly after receipt of your payment

Siopa ar-líne nua oscailte

Is cúis áthais agus bhróid é do Ghlór na nGael go bhfuil siopa ar-líne nua oscailte acu faoin ainm udar.ie.

Glór na nGael are proud to announce its' new online shop, udar.ie.

Is minic na laethanta seo go mbíonn daoine ag caint faoi 'siopa aon stad' do sheirbhísí eagsúla atá gaolta nó bainte lena chéile. Tá udar.ie anois ina shiopa aon stad d'aon rud a bhaineann le Gaeilge nó le hÉire-anachas sa chiall is leithne.

In this day and age the term 'One Stop Shop' is often used for a place to get services and items that are related to each other. [Udar.ie](http://udar.ie) is now an evergrowing 'One Stop Shop' for anything to do with the Irish language, Ireland and so much more.

Díoltar aon ábhar a bhaineann leis an tír seo, nó le diaspora na hÉireann tríd an siopa agus is ann a bhfaighfeá uirlisí ceoil, dluthdhioscaí agus fíis-dhioscaí, leabhair, éadaigh, ábhar agus feisteas spóirt, agus a lán rudaí eile taobh le sin.

Udar.ie will sell anything that has a connection to Ireland. At present we sell Cd's, DVD's, books, clothes, sporting goods, and many other items aside. Soon we will even be selling musical instruments.

Bhunaigh Glór na nGael an siopa ar-líne seo mar fhreagra ar an éileamh a bhí ann ó choistí agus ó dhaoine aonarach in Éirinn agus thar lear ag lorg sonraí agus seoltaí ar cá bhfaighfí ábhar éagsúil. Aithníodh go raibh dhá bhearna san earnáil: áit lárnach go bhfaighfeadh daoine ábhar ar ardchaighdeán ag phraghas réasúnta, agus an t-eolas ar seo a bheith ar fáil áit ar bith sa domhan. Dá bhrí sin forbraíodh udar.ie.

Glór na nGael founded this online shop as an answer to the needs of committees and individuals in Ireland and abroad who were searching for details and addresses of where to get Irish goods. It was spotted that there were gaps in the industry: a central place where people could get good quality goods at a reasonable price, and information like this to be available around the world. It's because of this that udar.ie was founded.

Is féidir le daoine ábhar ealaíona, le-abhair, úrscéalta, agus fiú ordú do le-abhair scoile a shocrú ar udar.ie. Déantar iarracht an t-ábhar a aimsiú agus a sholáthar ar an phraghas is fearr agus an t-ábhar a chur sa phost chuig an custaiméir taobh istigh de 5-10 lá oibre. Go fóill tá breis agus tríocha comhlucht i ndiaidh nascanna a chruthú le udar.ie agus beidh an stoc ag éirí níos leithne de réir a chéile.

Udar.ie strives to get our goods at the best price and post our goods to customers within 5-10 working days. To date we supply goods from over 30 companies, and our stock will continue to grow.

Is fiú duit brasáil tríd leathanaigh udar.ie inniu. Ní bheadh a fhios agat cad a bhfaighfeá ann, nó cén seanchuardach a tabharfá i gcríoch.

You should take a browse through udar.ie today. You never know what you might find!

Gan amhras, is féidir a rá - má táimid inár gcónaí anois in aois an sráidbhaile domhanda is é udar.ie siopa an tsráidbhaile!

Of course, it can be said; If we're living in the age of the global village, udar.ie is the village shop



Tabhair ar ais an sicín !

Trí mhí ó shin cheannaíomar trí shicín mar pheataí do na páistí. Ní raibh aon pheata acu go dtí seo. Tá madra ag ár gcomharsana ach níl an spás againn sa charr ná an t-am againn madra a thógaint ag siúl go rialta.

Tá buntáiste eile ag baint le sicíní...nuair a fhásfaidh siad suas ina gcearca, beidh uibheacha againn. Beimid in ann iad a ithle le haghaidh ár mbricfeasta ar maidin nó chun cistí milse a bhácáil. Níl gá don choileach a bheith ann chun uibheacha a fháil. Tá sé i gcoinne an dlí coileach a choinneáil sna bruachbhailte ar aon nós mar bíonn sé ag scairteadh le breacadh an lae.

Bhí na sicíní go hálainn. Ní raibh siad ach lá amháin d'aois mar fuaireamar iad nuair a bhí siad tar éis briseadh amach as a mblosc an lá roimhe sin. Ar ndóigh bhí siad go hálainn fós nuair a cailleadh a gcótaí fionnaidh agus nuair a bhí a gcuid cleite ag teacht amach. "Pecky" ab ainm an "bantam". Is le mo mhac an bantam sin. Is le m'íníonacha "Mischief", an ceann dubh/donn agus "Brownie" an ceann buí/donn.

Ach, bhíomar ag dul in amhras faoi "Pecky" (an chearc í nó coileach?) nuair a chualamar "í" ag scairteadh go híseal anois is arís nuair a shroich "sí" timpeall trí mhí d'aois! Le déanaí bhí sé ag scairteadh ar a sé a chlog le breacadh an lae agus gach oíche le druidim an dorchadas. Bhí na comharsain ag dúiseacht ag an am céanna gach maidin ach ní raibh siad ag gearán fós...bhí siad ró-dheas múinte! Ach ní raibh an dara rogha ann - ba cheart dúinn é a thabhairt ar ais!

Bhí an chlann chroíbhriste mar bhí caidreamh againn le "Pecky" faoin am seo. Chuireamar fios ar ár gcairde a bhfuil cónaí orthu faoin tuath, ach ní raibh fonn orthu é a choimeád. Bhí orainn é a thabhairt ar ais go "Abundant Layers", an fheirm inar rugadh é in Emerald.

Bhí mo chailíní ag caoineadh agus ag glacadh ghrianghraif ag an nóiméad deireanach. Bhí a chuid cleite sábháilte acu go dtí seo ina mboscaí taisce. Dúirt an bhean ag an fheirm go mbeadh cearca den saghas céanna aici an tseachtain seo chugainn. Idir an dá linn tá an dá chearc atá fágtha sa bhaile ag coimeád súil amach don chara...cá bhfuil sé? Is dócha go bhfuil siad uaigneach freisin. Tá súil againn go dtaitneoidh an chearc nua leo. B'fhéidir lá éigin eile go bhfaighimid sicíní nua arís ón Emerald - a bhfuil "Pecky" mar athair orthu!

Break out the champagne - we're back on the podium ! Cumann Gaeilge na hAstráile has scored third place in Global Gaeilge. This annual competition is organised by Glór na nGael and now sponsored by the Irish Department of Foreign affairs. First place went to Gaeltacht Canada and second place went to Conradh na Gaeilge in Glasgow. Well done !

Cumann president, Deirdre Gillespie says *"This is great news for us and a great start to the new year. Thanks to all our students, teachers and committee members who have helped to make this possible. Australia is now home to a growing number of Irish speakers, many of whom were born and raised here and for whom Irish is a direct connection to their own ancestry."*

The full results for all years since the competition began in 2005 can be seen on our website, along with links to the websites of all the winners and place-getters during that period.
www.gaeilgesanastrail.com



Time to get your warm clothes out again - Winter School is on in Sydney from 8th - 11th June

A brochure with application form is included with this newsletter, or you can get more details from their website

www.IrishLanguageSchoolSydney.org.au

Watching TG4 on-line

Many people want to watch TG4 on the internet but are not sure if they have the right computer setup or how to go about it. Here's what to do -

First make sure you have Internet Explorer version 8 or version 9 installed, because anything older will definitely not work (see screen shot below) You need this to navigate around the TG4 archive. Next make sure you have Adobe Flash Player version 11 installed. You will need this to display the streaming video on your screen. Both IE8/9 and Flash player are free downloads if you require a version update.



Check the version number of your Internet Explorer to see if you have the latest version installed

Now go to www.TG4.tv The last two letters look odd but are not a mistake. The tiny Pacific island of Tuvalu has made a fortune for themselves by renting out domain names to television companies around the world.

These will often redirect, as in this case, straight to the pages containing the station's archive material.

Once you are in the TG4 archive, there are two different ways to choose what you would like to see

- Select a program category using the tabs – music, children's, sport, drama, documentaries, entertainment, news
- or
- Enter a keyword or a date in the search box. Fadas may be necessary here so make sure you can type one. Dates need to be in dd.mm.yy format

Your search results will now appear as a series of small boxes each containing a picture and a plot summary. If there are more than about 8 results for your search, then you can scroll horizontally through the list to find the exact program or episode that you are looking for.

Most programs will simply be listed as part 1, and after you view it then part 2 continues automatically, even though it wasn't listed separately.

Breaks usually come about the 15 minute mark in half hour shows, anything shorter than this will have no breaks. Programs remain available on the website for 30 days after the transmission date and are then removed, so you'll have to wait until some future date when they repeat it (as they did recently with the series Galway Races).

Not everything that they broadcast in Ireland ends up on the website due to some copyright restrictions, but they do add about five or six new programs a day on average.

If you like internet TV and want to see more, go to wwitv.com and choose which country you are interested in. At present there are over 2,000 channels listed. Ireland also has the Dáil and Senate transmissions when they are in session, as well as Province 5 which is a community TV channel from Navan in county Meath.



Local news

Another successful Daonscoil was held in January at Lake Dewar Lodge, and although numbers were down, all who attended had a wonderful time. Our thanks to all who participated – the organising committee, teachers, guest speakers and of course the students who came from all corners of the country, not forgetting our loyal friend, Nóirín from Kerry.

For the first time we had a guest speaker from Virginia, USA, Dr Nicholas Wolf, who discussed examples of people in the 18th – 20th centuries who had a significant influence on the Irish language, though they learned to speak it late in life.

Dr Wolf, who is fluent in Irish, was spending time at Melbourne University over the Christmas period. Fr Micheál Ó Súilleabháin enthralled us with his presentation on the High Crosses of Ireland, making use of photographs taken on his travels around Ireland.

An animated lecture on James Joyce, by Dr Frances Devlin-Glass elicited much comment and questions from the audience. All agreed that *Ulysses* was difficult to read and Frances suggested starting with Chapter 4!

It was a fantastic bonus for the Daonscoil to have a visiting, young teacher from Ireland,

Megan Raggett. All her students thoroughly enjoyed her classes during the week. Megan's impressions of the school are in this newsletter.

Keep in mind the Winter School in Sydney in June.

The Cumann was delighted to hear of winning 3rd prize in the Glór na nGael Global competition 2011 recently (2500 euro). I had the opportunity to be present at Carton House hotel in Maynooth on the 25th February to accept the prize.

Also I met representatives from Gaeltacht Canada, which is located near Tamworth and Erinville among the rolling hills north of Lake Ontario.

If any of you happen to be in Canada in July pay a visit to Oireachtas na Gaeilge being held at that location from 6th – 8th.

Finally, enjoy your learning and speaking of Irish during 2012

Deirdre

St Patrick's Day Lunch at the
Australian Irish Welfare Bureau

11 am onwards, bookings essential
Ph Marion on 03 9482 3865

St Patrick's night hooley hosted by
Comhaltas at St Philips Church Hall,
Hoddle Street

7:30 pm – 11:30 pm
Adults \$15 , children free

Gaelic Park St Patrick's eve dinner
dance, Friday 16th March at 7:30 pm,
Adults \$35, children \$10, club members \$25, Irish dancing, pipe music
activities for children and meal included. Book on 03 9798 3196

On St. Patrick's Day the Celtic Club
will be open from 11 am onwards with
live music all day

Meals available in the Shamrock Restaurant from 12 noon to 9 pm

St Patrick's Day at the Quiet Man in
Flemington

Irish Breakfast from 8 am
Food, live music and beverage stalls
all day

Mo laethanta Saoire san Inde-Síne

I mí Mheán Fómhair sa bhliain seo caite chuaigh mé ar saoire le mo bhean chéile go Vitneam agus go dtí an Chambóid ar feadh coicise.



Ar dtús, d'fhanamar in óstán galánta i Saigon i lár na cathrach. Chaitheamar cúpla lá ag siopadóireacht agus ag siúl na sráideanna chun na hiontais a fheiceáil. Tá síoda an-saor ann. Tá an trácht sna sráideanna an-trom agus níl aon smacht ar bith ann. Más mian leat siúl trasna an bhóthair, caithfidh tú aire a thabhairt duit féin agus leanúint ar aghaidh gan stopadh agus, ar chaoi éigin, ní bhuailfidh aon duine thú !.

Thugamar cuairt ar Ármhá Long Tan agus an Cuimhnitheach atá ann agus chonaiceamar na tolláin Viet Cong san

áit céanna. Gach oíche, chuamar chuig bialann difriúil.

Tar éis Saigon a fhágaint, chuamar i mbád ar Abhainn Mekong agus thugamar aghaidh ar Phnom Penh agus Siem Reap. Turas tionlactha a bhí ann agus ar an bhealach bhí turais lae ar fáil. Thugamar cuairt ar sráidbhailte áitiúla, margaí, feirm-éisc agus roinnt eile áiseanna suimiúla. Chuamar ar gheábh amháin i vaigin daimh agus ceann eile i ricseá. Ní raibh an aimsir ró-the ach bhí sé antais. Chaitheamar ár gcuid ama saor san iarnóin ag luí faoin ngrian ag ól jin agus tonic.

Bhí tuile san abhainn agus cuid mhór de na páirceanna in aice leis faoi uisce. Bhí díonta le feiceáil san uisce ach tá an cuid is mó de na tithe ardaithe ar chosa croise.

Nuair a schroiceamar Phnom Penh, chonaiceamar an Pálás Riúil, roinnt pagóda, an Iarsmalann agus bhí breis siopadóireacht againn freisin. Ina dhiaidh sin, ar ais linn ar an mbád, agus chuamar níos faide ar an abhainn agus ansin go Siem Ream ar an mbus.

I Siem Reap, chuamar

ag siopadóireacht arís agus ag marcaíocht ar eilifint.

An amharc ba shuimiúla den turas ar fad ná an Teampall Angkor Watt agus na teampaill eile atá timpeall na háite. Tá siad ina fothracha í lár na dufaire ach tá a lán obair á dhéanamh faoi láthair chun iad a dheisiú, toisc go bhfuil said chomh tábhachtach don tionscal turasóireachta áitiúla. Tá an snoadóireacht ar na ballaí go hálainn ach, faraoir, goideadh an cuid is mó de na dealbha fádo. Tá na teampaill féin agus na foirgnimh eile an-mhór agus an-shonrach. Iontach ar fad!

Más mian leat dul chun an Inde-Síne, molaim duit dul chomh luath agus is féidir, roimh tarraingteachta na háite a bheith millte ag an iomarca turasóireacht.

Ruán Walker



My holiday in Indo-China

In September last year I went on holiday with my wife to Vietnam and Cambodia for a fortnight.

At the start, we stayed at a lovely hotel in Saigon in the centre of the town. We spent a couple of days shopping and walking the streets to see the sights. Silk is very cheap there. The traffic in the streets is very heavy and quite uncontrolled. If you want to cross the road you have to be careful, walk straight ahead and don't stop and somehow everyone misses you! We visited the Long Tan battlefield and saw the war memorial there and in the same place saw the tunnels used by the Viet Cong. Every night we went to a different restaurant.

After Saigon we went up the Mekong River by boat to Phnom Penh and Siem Reap. It was a conducted tour and there were day trips on the way. We visited some local villages, some markets, a fish farm and other interesting places. We went for a ride in an ox cart and had another ride in a rickshaw. The weather wasn't excessively hot but it was very humid. We spent our free afternoons lying in the sun drinking gin and tonic.

The river was in flood and many of the fields next to the river were under water. You could see roofs in the water but most of the houses are on stilts.

When we reached Phnom Penh we saw the Royal Palace, some pagodas, the Museum and we had some more shopping. After that, back on the boat and further up the river, and then to Siem Reap on a bus.

In Siem Reap we went shopping again and had a ride on an elephant.

The most interesting site on the tour was the Temple of Angkor Watt and the other temples in the area. They are in ruins in the middle of the jungle but a lot of work is being done to repair them because they are so important to the local tourist industry. The carving on the walls was beautiful but most of the statues were stolen years ago. The temples themselves and the other buildings are very big and most impressive. They were quite wonderful.

If you would like to go to Indo-China I would suggest that you go as soon as possible before the attractiveness of the place is ruined by too much tourism.



Latest news from ClubLeabhar.com

Achara, tá súil agam go bhfuil tú go maith agus gur bhain tú taitneamh as leabhar mhí Eanáir, Scéal Ghearóid Iarla le Máire Mhac an tSaoi. Mura bhfuil an leabhar léite agat go fóill, áfach, ná dean dearmad go bhfuil sliocht uaidh ar fáil ar an suíomh chun gur féidir leat blaiseadh den stíl a fháil. Cé go bhfuil cuid de theanga an leabhair deacair, tá gluais chuimsitheach ar fáil ar shuíomh ClubLeabhar.com chomh maith chun cabhrú le daoine an saothar a léamh. Sílim gur fiú go mór an iarracht; tá an teanga thar a bheith fileata agus mar a dúirt an léirmheastóir Liam Mac

Leabhar mhí Feabhra

Tá mé an-sásta go bhfuil cnuasach filíochta againn mar leabhar na míosa den chéad uair riamh an mhí seo. Tá an díolaim filíochta grá Filíocht Ghrá na Gaeilge roghnaithe againn. Bailiúchán de dhánta Gaeilge ar théama an ghrá ón luathaois go dtí an nua-aois atá sa leabhar, agus tá sé maisithe go healaíonta ag Anna Nielsen.

Pléitear gach gné den ghrá sna dánta agus sna hamhráin seo: meidhir an ghrá óig; greann agus suairceas an ghrá; cumha agus croíbhrieadh; dúil agus grá gan fháil; agus an grá iompaithe ina

eagarthóir a thugann eolas dúinn ar chúlra an dáin. Cuireann na nótaí seo na dánta i gcomhthéacs ceart na linne inar scríobhadh iad. Tá Filíocht Ghrá na Gaeilge ar fáil ar www.sioapa.ie anois.

Labhair mé le heagarthóir an leabhair, Ciarán Mac Murchaidh, le déanaí agus bhí go leor rudaí spéisiúla le rá aige faoin ngrá mar théama, faoin dán is fearr leis sa chnuasach agus faoi shaibhreas nua-litríocht na Gaeilge. Is féidir féachaint ar an agallamh ach cliceáil ar an nasc thíos. Dála an scéil, is féidir teacht ar na haggallaimh ar fad atá déanta againn go dtí seo ar shuíomh ClubLeabhar.com.

Ná déan dearmad go bhfuil fáil ag baill an chlub ar ghluaiseanna na leabhar ar fad a bhí againn go dtí seo. Cuirimid fáilte roimh do thuairimí i dtaobh leabhair na sraithe nó i dtaobh cúrsaí litríochta i gcoitinne ar fhóram ClubLeabhar.com. Ní gá a bheith buartha faoi chúrsaí gramadaí ná faoi chaighdeán do chuid Gaeilge. Agus má tá aon mholtaí agat maidir leis an suíomh, cuir iad sin ar aghaidh chugainn!



Cóil: "Is seoid dhrithleach atá sa leabhar seo ... Tá daonnacht agus grinneas agus dea-stíl scríbhneoireachta [ann] atá chomh maith le haon rud atá scríofa."

fhuath. Is léargas iontach é ar phaisean agus ar neart an ghrá.

Tá aistriúchán Béarla curtha ar fáil i gcás gach dáin, chomh maith le nóta míniúcháin ón



I hope that you're well and that you enjoyed January's book of the month, *Scéal Ghearáid Iarla* by Máire Mhac an tSaoi. If you haven't yet read the book, however, don't forget that an extract from it is available on the site so that you can get a taste of the style. Although some of the language is difficult, a comprehensive glossary is available on ClubLeabhar.com to help you. I think that this book is really worth the effort; the language is so poetic and, as the critic Liam Mac Cóil said: "This book is a sparkling jewel ... It has a humanity, clarity and lovely style of writing, as good as anything which has been written".

February's Book of the Month

I'm thrilled that we have a collection of poetry as the book of the month for the first time this month. We've chosen a compilation of love poetry, *Filíocht Ghrá na Gaeilge*. This book is a collection of Irish language poems on the theme of love from early times to the modern age and it's beautifully illustrated by Anna Nielsen.

Every aspect of love is discussed in these poems and songs: the joy of young love; the humour and the fun of

love; loneliness and heartbreak; desire and unrequited love; and love turned into hatred. It's a wonderful insight into the passion and the power of love.

An English translation accompanies each poem, as well as an explanatory note which tells us about the poem's background. These notes place the poems in the proper context of the period in which they were written. *Filíocht Ghrá na Gaeilge* is available on www.sioopa.ie now.

I spoke to the editor of the book, Ciarán Mac Murchaigh, recently and he had many interesting things to say about love as a theme, about his favourite poem in the collection and about the richness of modern Irish language literature. You can watch the interview by clicking on the link below. By the way, you can see all the interviews we've done so far on ClubLeabhar.com.

Don't forget that members have access to the glossaries of all the books we've chosen to date. We would be delighted to hear your opinions on the current series of books or on literature in general on the ClubLeabhar.com forum.

There's no need to worry about grammar or the standard of your Irish. And if you have any suggestions regarding the site, please let us know!

Bí ag léamh, mar sin, bí ag plé agus bí ag scríobh!

Le gach dea-mhéin,
Michelle Ryan

Riarthóir ClubLeabhar.com

"Big Maggie", a drama by Irish writer John B. Keane will be staged at the Celtic Club.

Dates are Friday 27th and Sunday 29th of April.

Cumann members are taking part !

For more details or to book tickets call 03 9898 2900

*Cumann Gaeilge na hAstráile Teo**IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a non-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. Its aim is to promote the Gaelic language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Gaelic-speaking groups. Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., 320 Queen Street, Melbourne VIC, 3000.

**Annual Membership Application or notification of change
of address, telephone number, mobile, email.**

☐ New Membership ☐ Renewal ☐ Update

Sloinne
(surname)

Céad ainm
(first name)

Seoladh
(address)

.....

Guthán bh)
(phone)

ah)

Fón
(mobile)

Ríomhphost
(email)

Membership fee is \$40 per annum and due each January. Class fee is \$4 per week.